Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

FIOS FOGHLAMA
NOLLAIG 2025

Fáilte mhór chuig eagrán na Nollag de Fhios Foghlama!
Cor poist míosúil an GhaelAonaid Bunscoile é seo, lán le smaointe, acmhainní agus inspioráid do mhúinteoirí bunscoile ar fud na tíre.
Tá spiorad na Nollag i mbarr a réime an mhí seo – séasúr lán le ceol, le soilse, le dea-ghiúmar agus le draíocht sa seomra ranga!

Tá súil againn go gcabhróidh an t-eagrán seo le spiorad na féile a scaipeadh i ngach cúinne den scoil, agus go mbeidh go leor ábhar ann le gach páiste a chur ag gáire, ag canadh, agus ag foghlaim le croí teolaí.

Nollaig shona daoibh go léir,
agus gach rath don Bhliain nua!
Le buíochas agus le meas,

Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

AG SAIBHRIÚ NA GAEILGE
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Oide

Ag Saibhriú na Gaeilge
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Tacóidh an EFG seo (lá iomlán aghaidh ar aghaidh) le ceannairí agus le muinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

*Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
*Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga, a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
*Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama sa tSonraíocht Teanga, agus ar an gcaoi chun iad a ailiniú le hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim
*Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint.

Dáta	Ionad
29 Eanáir 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo
6 Feabhra 2026	Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
6 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí
6 Márta 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais na Gaillimhe
9 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Chill Dara
11 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh
11 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach, BÁC
13 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí

Cláraigh anseo

Tugtar cuireadh do bheirt mhúinteoirí ó gach bunscoil lán-Ghaeilge freastal ar an EFG seo. Cuirfear clúdach ionadaíochta ar fáil, más gá.

nó ag https://oide.ie/ga/muinteoiri/

oide.ie
@OidePrimGaeilge @oidegaelaonad

Tacóidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla seo (**lá iomlán aghaidh ar aghaidh**) le ceannairí agus le muinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

- Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga, a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
- Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile
- Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint

Tá cead ag ceannaire scoile amháin agus múinteoir amháin eile ó gach scoil freastal ar an seimineár seo. Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige clúdach ionadaíochta ar fáil más gá.

Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/

eolas@oide.ie
@OidePrimGaeilge
@oidegaelaonad
www.oide.ie

BEATHA TEANGA

Gaeloideachas
Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá ceardlanna ar fáil ar shuíomh beathateanga.ie a spreagann úsáid a bhaint as an áis Beatha Teanga. I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne beirt phríomhoidí, duine ó Ghaelscoil agus duine ó Scoil Ghaeltachta cur i láthair agus plé ar líne ar na bealaí ar úsáid siad Beatha Teanga ina gcuid scoileanna féin. Is iad sin. Silvia Uí Sheanlaoich, príomhoide Scoil Gharbháin, Co Phort Láirge ag an am agus Éamon Catterson, príomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Na Dúnaibh, Co Dhún na nGall. Is féidir éisteacht leo anseo: Beatha Teanga – Ag Cothú na Gaeilge Labhartha ag an mBunleibhéal

Tionól Forbartha 2025 D'éirigh go han-mhaith leis an seisiún plé a eagraíodh faoi bhrat Beatha Teanga ag Tionól Forbartha 2025 i mí na Samhna. D'fhreastail 26 múinteoir ón mBunleibhéil & Iar-bhunleibhéil air. Spreagchomhrá idirghníomhach a bhí ann chun eolas agus dea-chleachtais a roinnt maidir le cothú labhairt na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga. Tháinig pointí spéisiúla chun cinn agus go leor moltaí agus tá i gceist an próiseas seo a thabhairt ar aghaidh céim eile. Buíochas le gach duine a tháinig i láthair.

CRUINNITHE TACAÍOCHTA AR LÍNE

Bhí an-éileamh ar na cruinnithe tacaíochta i mí na Nollag, agus tá an-áthas orainn a fhógairt go mbeidh cruinnithe tacaíochta ar líne ar fáil i mí Eanáir chomh maith. Soláthraíonn na seisiúin phearsanta seo treoir phraiticiúil ar phleanáil, straitéisí measúnachta, agus ar an dóigh chun an teanga ó bhéal, an léitheoireacht, agus an scríbhneoireacht a chomhtháthú i dtimpeallachtaí tumtha na Gaeilge.

Tá na cruinnithe seo dírithe ar mhúinteoirí nuacháilithe, ar mhúinteoirí ranga príomhshrutha agus ar cheannairí scoile.

Oide

Cruinnithe Tacaíochta ar Líne

Is é aidhm na gcruinnithe tacaíochta ar líne do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ná timpeallacht sholúbtha, inrochtana agus tacúil a chruthú ina féidir le hoideachasóirí treoir ghairmiúil a lorg agus a fháil. Is iad na príomhchuspóirí ná:

- **Tacaíocht & Treoir Láithreach:** Dírithe ar mhúinteoirí nuacháilithe, ar mhúinteoirí tacaíochta ag aistriú go príomhról sa seomra ranga, agus ar mhúinteoirí ranga atá ag bogadh idir leibhéil éagsúla ranga.
- **Forbairt Ghairmiúil:** Tacaíocht phraiticiúil lena n-áiritear pleanáil cheachta, cur chuige measúnaithe, agus comhtháthú na teanga labhartha, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.
- **Straitéisí & Acmhainní:** Sochair bhreise a chuimsíonn deis ceisteanna a chur, acmhainní ábhartha teagaisc a fhiosrú, agus straitéisí éifeachtacha, oiriúnaithe don chomhthéacs, a fhorbairt.

Sonraí Tábhachtacha

Dátaí: 5ú Eanáir 2025- 9ú Eanáir 2025

Am: 15:00 - 17:00
15 nóiméad in aghaidh an chruinnithe

Suíomh: Ar Líne

Is féidir cliceáil ar an nasc seo le clárú a dhéanamh:
https://oide.ie/ga/muinteoiri/

Tuilleadh Eolais

Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig eolas@oide.ie

oide.ie
@OidePrimGaeilge
@oidegaelaonad

Dátaí: 5ú Eanáir 2026 - 9ú Eanáir 2026
Am: 15:00 - 17:00
Ar Líne

Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/

DÁN NA NOLLAG



Cuairt ó San Nioclás, leagan Gaeilge ó Dharach Ó Scolaí ar an dán clasaiceach 'Twas the Night Before Christmas", ceann de na dánta Nollag is mó cáil riamh é. Leis an atmaisféar teolaí, draíocht na hoíche agus San Nioclás ag teacht, tá an saothar seo tar éis glúnta léitheoirí a mhealladh. Tugann aistriúchán Uí Scolaí beocht úr don scéal seo agus cuireann sé draíocht na Nollag i láthair trí Ghaeilge.

Éist leis anseo: https://www.youtube.com/watch?v=-y0q8d59BBA

PODCHRAOLADH NA MÍOSA

E15: An nasc idir an scoil agus an baile

Sa phodchraoladh seo, labhraíonn Éilis Mhic Caisín (Tuismitheoir) agus Antóin Ó Cléirigh (Príomhoide) faoin gcaoi a spreagann an curaclam comhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus scoileanna chun forbairt iomlánaíoch páistí a chothú. Leagann siad béim ar thábhacht an phobail, ar chaidrimh dhearfacha agus ar chumarsáid oscailte chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus le riachtanais aonair.

Éist leis anseo:
https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairti/forbairti-bunscoile-ata-ar-siul-faoi-lathair/podchraoladh/

NCCA

SEANFHOCAL NA MÍOSA

scéal.ie

IMEACHTAÍ NA MÍOSA

Féachaigí ar **scéal.ie**; tá imeachtaí éagsúla trí Ghaeilge ar siúl in Éirinn, d'óg agus d'aosta. Is féidir cuardach a dhéanamh de réir ceantair nó aoisghrúpa chun na himeachtaí is déanaí a aimsiú. **Tuilleadh eolais ar fáil anseo:** https://sceal.ie/imeachtai/

An Nollaig sa Naigín: Dráma Nollag le Ré Ó Laighléis
12 Nollaig 2025
19:00 - 21:00
Tuilleadh sonraí



Caint & Comhrá
sceal.ie/caint

Bleaist Eolaíochta 2026

Beidh COGG agus An Foras Pátrúnachta, i gcomhpháirt leis an RDS, ag eagrú 'Lá Mór na nGaelscoileanna / Scoileanna Gaeltachta' mar chuid den Bhleaist Eolaíochta arís in 2026. Bhí an-rath ar an ócáid sin cheana agus beidh sí ar siúl arís ar an 5 Márta 2026 san RDS. Is deis iontach í seo do pháistí teacht le chéile agus an dea-obair s'acu a cheiliúradh le chéile chomh maith le spraoi a bheith acu trí Ghaeilge!

Chun cabhrú le costais taistil a íoc, beidh deontas de €100 ar fáil ón RDS agus €100 eile ó COGG/An Foras Pátrúnachta do gach Gaelscoil agus Scoil Ghaeltachta a bheidh i láthair (€200 san iomlán). Tiocfaidh an deontas seo in aon sciar amháin ón RDS.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Beidh socruithe breise i gceist d'aon rang speisialta atá ag glacadh páirte i mbliana agus tá níos mó eolais faoi seo ar fáil anseo.
Cláraigh anseo: https://www.esbscienceblast.com/

Gaeloideachas
Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

AMHRÁN NA MÍOSA

An Chéad Nollaig

Tá tuilleadh amhráin Nollag agus focal na n-amhrán ar fáil ar shuíomh Gaeloideachas.
Éistigí leo anseo:
https://gaeloideachas.ie/document/amhrain-na-nollag/

An Chéad Nollaig

Bhí sneachta ar an talamh,
bhí réalta mór sa spéir.
Bhí aingil Dé ag canadh
go raibh Íosa sa mhainséar.
Bhí na haoirí ar na sléibhte
nuair a chuala siad an scéal.
Tháinig Na Trí Ríthe
le hór, túis agus miorr.

Fadó, fadó i mBeithil, i stábla dorcha lom,
rugadh an leanbh Íosa; an Nollaig a bhí ann.
Muire agus Iósaf, asal agus bó.
Ríthe agus aoirí ann chun ómós a thabhairt dó.

---curfá---

Ar an gcúigiú lá is fiche
beidh rírá agus ceol.
Beidh raidhse bia le hithe
agus deochanna le hól.
Beidh cuileann ar na pictiúir,
beidh soilse ar an gcrann.
Beidh coinneal ins an bhfuinneog;
an Nollaig atá ann.

curfá x2

Gaeloideachas

ACMHAINNÍ NA MÍOSA

Lá an Dreoilín

Is Mise Speisialta na Nollag. Tá Róisín leis an lá a chaitheamh in éineacht le Maidhc ag ullmhú feistis do Lá an Dreoilín. Baineann Róisín an-taitneamh as an bhfeisteas a chur le chéile.

Féachaigí anseo ar sheinnteoir TG4.



Lá an Dreoilín
Éist leis an dán a scríobh 'The Armagh Rhymers', faoi Lá an Dreoilín. **Féachaigí anseo ar an bhfiseán.**

DÁN NA MÍOSA

An Spideog

Chonaic mise spideog,
ar chúl an tí inné.
Bhí ocras ar an éinín,
mar bhí sioc istigh sa chré.
Thug mé píosa aráin di,
deoch uisce agus min.
Bhí áthas ar an spideog,
agus chan sí port bog binn.

Tuilleadh acmhainní ar fáil anseo:
https://tuismitheoiri.ie/bileoga-spraoi/an-spideog/

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Oideas - Teachín Aráin Sinséir

Comhábhair



- 375g plúr
- 1½ taespúnóg sóid aráin
- 1 taespúnóg púdar sinséir
- 1 taespúnóg cainéil
- 125g ime, bogtha
- 150g siúcra donn
- 125g síoróip órga
- 1 ubh

Reoán

- 300g siúcra reoite
- 1 ubh bhán
- ½–1 taespúnóg sú líomóide

Treoracha

1. Réamhthéigh an t-oigheann go 180°C (160°C le fean).
2. Measc: plúr, sóid aráin, sinséar agus cainéal.
3. Cuimil an t-im isteach sa mheascán go dtí go bhfuil sé cosúil le gríosach, ansin cuir an siúcra donn leis.
4. Measc an ubh agus an tsíoróip órga, ansin doirt isteach sa mheascán tirim iad agus déan taos.
5. Rolláil an taos go ½cm.
6. Gearr 6 phíosa don teach: 2 bhalla tosaigh/cúil (12×18 cm), 2 thaobh-bhalla (12×15 cm), 2 phíosa don díon (15×20 cm).
7. Bácáil na píosaí ar thráidire le páipéar bácála ar feadh 12–15 nóiméad. Lig dóibh fuarú go hiomlán.
8. An Reoán: buail ubh bhán, cuir siúcra reoite léi de réir a chéile, agus braon líomóide.
9. Tóg an teachín: greamaigh na ballaí le reoán, fan 10 nóiméad. Cuir an díon air agus fág uair an chloig é chun triomú.
10. Maisigh le reoán, milseáin, seacláid agus aon mhaisiúcháin eile is mian leat.

Chomh maith leis an gcócaireacht a bheith taitneamhach, cuidíonn oidis le foghlaim traschuraclaim freisin — matamaitic chun na comhábhair a thomhas, litearthacht nuair a leanaimid treoracha, agus tugann siad deis stair a fhiosrú nuair a fhéachaimid ar bhunús an bhia.

EALAÍN NA MÍOSA

San fhísean seo ó **Cúla4 Ar Scoil** beidh Ruairí ag taispeáint daoibh an chaoi le roinnt maisiúcháin Nollag a dhéanamh.

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://youtu.be/OSDp2eBMO2g?si=bV5fIRd1Zb2174UZ

Beannachtaí na Nollag
Nollaig Shona Duit/Nollaig Shona Daoibh
Tá Daidí na Nollag ag teacht.
Nollaig Shona Duit agus Athbhliain faoi mhaise duit.
Tá an Nollaig buailte linn.
Beannachtaí na Nollag oraibh!
Go dtuga an Nollaig solas agus suaimhneas do do chroí.

Beannachtaí Lá Fhéile Stiofáin
Go dtuga Lá Fhéile Stiofáin fuinneamh, síocháin agus sos duit tar éis na Nollag.
Dreoilín beag bídeach, rí na n-éan.

Beannachtaí an hAthbhliana
Go mbeirimid beo ar an am seo arís
Go dtuga an bhliain nua sláinte agus sonas duit.
Go gcothaí an lá seo cairdeas, scéalta agus comhluadar maith.

LEABHAR NA MÍOSA



Is leabhar pictiúr álainn é seo a thugann leagan nua-aimseartha de Hansel agus Gretel i nGaillimh. Leanann sé Séan agus Gráinne ar thuras siopadóireachta ar thóir bhronntanais dá máthair. Casann siad ar charachtair spéisiúla agus roinneann siad a n-arán sóide leo.

Nuair a dhéanann cailleach iarracht an bronntanas a ghoid, tagann na cairde nua i gcabhair orthu. Ar deireadh, leanann siad a rian brioscán abhaile — díreach in am don chóisir.

Éist leis an scéal: https://cula4.com/seinn/sceal-an-lae/S1E1

the WEATHERBIES™

Ar chuala tú faoi **Chomórtas Mór Ceoil Éicea** na Weatherbies? Tá sé oscailte do gach bunscoil agus naíscoil ar fud na hÉireann! Is féidir le do rang amhrán spraíúil 1 nóiméad (popcheol nó ceol rap) a chumadh bunaithe ar Chód Éicea do scoile – ag úsáid ár dtaifead saincheaptha. Cuir san áireamh ar a laghad Weatherbie amháin agus roinnt saothar ealaíne ildaite, agus seol isteach roimh an **30ú Eanáir 2026** chun deis a bheith agat an duais mhór a bhuachan!
Fógrófar na buaiteoirí ar Lá an Domhain, 22 Aibreán 2026.

Tá leabhar nua ar fáil -**Tomás Toirneach agus a Éan Beag.** Scéal croíúil do pháistí atá lán le heachtraí, le samhlaíocht agus le hobair foirne – scéal cairdis, misnigh agus cúraim don domhan mórthimpeall orainn. Bí le Tommy agus na Weatherbies agus iad ag obair le chéile chun an t-éan beag a shábháil.

Tuilleadh eolais le fáil ag: https://theweatherbies.co.uk/

ACMHAINN NA MÍOSA

Nuacht Anois

Is acmhainn litearthachta é NuachtAnois, sa mhéid is go gcuirtear ábhair úra spreagúla spéisiúla ar fáil do pháistí tríd an suíomh mar ailt úra nuachta **gach lá.**

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://www.leighanois.com/nuacht

ACMHAINN NA MÍOSA

CCEA Postaer Poncaíochta

Seo áis a chabhraíonn leis an phoncaíocht. Tugadh carachtar do na pointí poncaíochta difriúla ar an phóstaer agus tá samplaí ar fáil ar na cártaí.

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://ccea.org.uk/learning-resources/postaer-poncaiochta-agus-cartai-poncaiochta

Séanadh: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.